Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2024

Stair

Aonad Measúnaithe AS 1
Fiosruithe agus
Léirmhínithe Staire

SHY11

[SHY11]

DÉ CÉADAOIN 15 BEALTAINE, IARNÓIN

AM

1 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Níl ach **Rogha 5** ar fáil ar an leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar.
Freagair Ceist **1(a)** nó **1(b)** agus Ceist **2** as an **rogha agat**.
Léirigh go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.

Rogha 5: An Ghearmáin 1919–1945

Freagair Ceist **1(a)** nó **1(b) agus** Ceist **2**.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist 1.

1 Ceachtar acu

(a) Déan anailís ar phríomhthéarmaí Bhunreacht Weimar na bliana 1919. [10]

Nó

(b) Déan anailís ar na grúpaí difriúla sa Ghearmáin a chuir in éadan agus a throid in aghaidh réimeas na Naitsithe sa tréimhse 1939–1945. [10]

2 Léigh Foinse 1, Léirmhíniú A agus Léirmhíniú B agus freagair na ceisteanna a leanann:

Na Meáin mar Mhodh Smachta i nGearmáin na Naitsithe 1933–1939

Foinse 1
Sliocht as óráid a thug Joseph Goebbels, Aire Naitsíoch na Bolscaireachta agus na hEagnaíochta Pobail, d'úinéirí agus d'eagarthóirí na nuachtán Gearmánach, Márta 1933.

> Ní hamháin gurb é ról na nuachtán eolas a thabhairt ach ní mór dóibh treoir a thabhairt fosta. Agus sin á rá agam, is ag díriú mo chuid cainte ar na nuachtáin náisiúnta uilig thar gach rud eile. Tuigfidh sibh gur iontach go deo an cás don phreas a bheith ina uirlis ríthábhachtach le tionchar a imirt ar na sluaite. Is féidir leis an Rialtas agus na heagarthóirí nuachtán comhoibriú lena chéile ar bhonn comh-mhuiníne. Tá mé eolach ar thábhacht an phreasa. Amharcaim orm féin mar an nasc sinsearach idir an Rialtas agus an preas. Déanfaidh mé cinnte de nach gcuirfear isteach ar an teagmháil sin in am ar bith agus tabharfaidh mé na bearta céanna isteach do na cineálacha eile meán. Ar an ábhar sin, ní hamháin go mbeidh sibh ag fáil eolais ach treoracha fosta ag an phreasócáid laethúil. Ní hamháin go mbeidh oraibh a bheith ar an eolas faoi cad é atá ag tarlú ach a bheith ar an eolas fosta faoi dhearcadh an Rialtais air seo agus an dóigh a dtig libh an dearcadh seo a chur in iúl don phobal ar an bhealach is éifeachtaí.

Tionchar Pholasaithe Eacnamaíocha na Naitsithe 1933–1936

Léirmhíniú A
Sliocht as *Hitler and Nazi Germany* le F. McDonough, foilsithe in 1999.

> In ainneoin na mbundeacrachtaí eacnamaíocha arbh í atharmáil ghasta ba chúis leo, bhí téarnamh mór geilleagrach i nGearmáin na Naitsithe idir 1933 agus 1936. Ba í an ghné ab iontaí den téarnamh seo an titim shuntasach i gcúrsaí dífhostaíochta, ó sé mhilliún duine in 1933 go dtí níos lú ná dhá mhilliún duine faoi dheireadh 1936. Fáiltíodh roimhe seo ag an am mar mhíorúilt eacnamaíoch. Ba é an Dr Hjalmar Schacht an duine ba thábhachtaí i bhforbairt gheilleagar na Naitsithe; ba é a cheap an smaoineamh de bhillí *Mefo*, billí a d'úsáid an réimeas le horduithe a chur isteach le lucht tionsclaíochta faoi choinne airm. Schacht a cheap an "Plean Nua", plean a reoigh gach íocaíocht úis ar fhiacha eachtrannacha agus a chruthaigh córas a rialaigh earraí iompórtála de réir riachtanais an réimis. Bhí an toradh a rabhthas ag dúil leis ar bhearta Schacht agus shocraigh geilleagar na Gearmáine í féin go gasta agus thuill sin tacaíocht bhreise do Hitler agus do na Naitsithe.

Léirmhíniú B
Sliocht as *Nazism 1919–1945: Volume 2* le J. Noakes agus G. Pridham, foilsithe in 1984.

> Réitigh "Plean Nua" Schacht géarchéim chomhardú na n-íocaíochtaí in 1934 agus bhí barrachas trádála ann an bhliain ina dhiaidh sin. Mar sin féin, tháinig treocht mhífhabhrach chun cinn sa dara leath de 1935, agus go luath in 1936 mhéadaigh ar an eagla go mbeadh géarchéim chomhardú na n-íocaíochtaí ní ba mheasa ann ná mar a bhí roimhe. Ní raibh an "Plean Nua" in ann na buntosca a bhain le staid chomhardú na n-íocaíochtaí de chuid na Gearmáine a athrú go bunúsach. An choimhlint idir "gunnaí agus im" a bhí ann mar bhunfhadhb. Bhí nasc díreach ann idir atharmáil agus caighdeán maireachtála na cosmhuintire. D'éirigh an cás ina ghéarchéim in 1935, nuair a tháinig coinbhleacht tosaíochtaí chun cinn idir na hamhábhair iompórtála a bhí de dhíth don atharmáil agus iompórtáil na mbia-ábhar. Bhí drogall ar Hitler rogha a dhéanamh idir an dá rud agus cheap sé Göring leis an aighneas a réiteach.

(a) **Déan staidéar ar Fhoinse 1.** Cé chomh húsáideach agus atá Foinse 1 mar fhianaise do staraí atá ag déanamh staidéir ar na meáin mar mhodh smachta i nGearmáin na Naitsithe sa tréimhse 1933–1939? Caithfidh tú eolas comhthéacsúil a úsáid i do fhreagra. [20]

(b) **Déan staidéar ar Léirmhíniú A agus Léirmhíniú B.** Bíonn dearcthaí difriúla ag staraithe ar shaincheisteanna ar leith. An dá léirmhíniú agus do thuiscint ar an chomhthéacs stairiúil in úsáid agat, cé acu de na léirmhínithe difriúla seo is inchreidte dar leat, maidir le tionchar pholasaithe eacnamaíocha na Naitsithe sa tréimhse 1933–1936? [30]

Foinsí

Option 5, Source 1.....© Nazism 1919-1945, Vol.2, State, Economy and Society 1933-1939 by J Noakes & G Pridham, University of Exeter Press; 5Rev Ed edition (2000)

Option 5, Interpretation A.....© Adapted from 'Hitler and Nazi Germany' by Frank McDonough, Cambridge University Press (1999)

Option 5, Interpretation B.....© Adapted from 'Nazism 1919-1945: Volume 2' by J. Noakes and G. Pridham (1984)

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.